

# Príomhthasc

## Iniúchadh an Ranga ar an Amlíne agus ar an Léarscáil

(Le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí foghlama a fheiscint, féach ar an 'Learning Section' laistigh de gach Map Hotspot. Tá rannáin áirithe nasctha le Stair an SESE.)

### A. Léargas ar Reilig Glas Naíon agus a Stair

Chun tosú

> Téigh go dtí an Gailearaí Scéal agus féach ar an bhfíseán 'The History of Glasnevin Cemetery'.

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cathain a osclaíodh Reilig Glas Naíon?

2. Cé a bhunaigh an reilig?

3. Ainmnigh figiúr stairiúil amháin eile a luaitear san fhíseán seo.

> Clliceáil ar an Hotspot Map 'Michael Carey and Prospect'.

1. Cá as a tháinig Michael Carey?

2. Cé chomh mór is atá Reilig Glas Naíon?

3. Cad iad paidhcí?

> Clliceáil ar an Map Hotspot le haghaidh 'Daniel O'Connell and the Opening of the Cemetery'.

1. Cad iad na dlíthe a chuir srian mór ar shaol Chaitlicigh Rómhánacha agus Easaontóirí Protastúnacha?

2. Fíor nó Bréagach? D'oscail Dónall Ó Conaill reilig do mhuintir gach reiligiún.

3. Cén contae inar rugadh Ó Conaill?

- a. Gaillimh                      b. Corcaigh                      c. Ciarraí

4. Ainmnigh an eagraíocht a bhí faoi stiúir Dhónall Ó Conaill. Chuaigh sé i mbun feachtais chun an ceart a fháil do Chaitlicigh a bheith tofa mar Fheisirí Parlaimint na Breataine (MP).

5. Cathain a baineadh Fuascailt na gChaitliceach (an ceart do Chaitlicigh a bheith ina bhFeisirí Parlaiminte) amach?

- a. 1819                      b. 1829                      c. 1839

6. Líon isteach na spásanna bána.

Tháinig \_\_\_\_\_ an \_\_\_\_\_ ina dhlí sa bhliain \_\_\_\_\_. Dhún sé \_\_\_\_\_ na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus chiallaigh sé sin gur rialáodh \_\_\_\_\_ go díreach ó \_\_\_\_\_.

[Éire, 1801, Aontas, Acht, parlaimint, Londain]

7. Ba Chealaitheoir é Daniel O'Connell. I d'fhocail féin, an bhféadfá an téarma 'Cealaitheoir' a mhíniú?

> [Cliceáil ar an Hotspot le haghaidh 'The O'Connell Tower'.](#)

1. Cé chomh hard is atá Cloigtheach Uí Chonaill?

2. Fíor nó Bréagach? Tógadh Cloigtheithe don chéad uair in Éirinn sna mainistreacha luath-Chríoataí.

3. Cathain a athosclaíodh an staighre i gCloigtheach Uí Chonaill?

- a. 2008                      b. 2012                      c. 2018

> Clliceáil ar an Hotspot le haghaidh ‘Celtic Cross – The Cadogan Cross’.

1. Ainmnigh suíomh mhainistir luath-Chríostaí amháin in Éirinn.

2. Cén aidhm a bhí ar dtús leis na radharcanna greanta ar na hArdchrosa?

3. Cén chloch a úsáideadh chun Ardros Cadogan a ghreanadh?

- a. Gaineamhchloch      b. Aolchloch      c. Eibhear

4. Roghnaigh dhá ghréas atá le fáil go coitianta ar Ardchrosa Ceilteacha. .

- a. Snaidhm fite fuaite      b. Strioca ingearacha      c. Bíseanna.

> Clliceáil ar an Hotspot le haghaidh ‘Garden Cemetery’.

1. Liostaigh trí chineál crainn is féidir leat a aimsiú i Reilig Glas Naíon.

2. Cén crann a chuir na Draoithe i suíomhanna naofa?

### 3-2-1: Obair Beirte

3 - Scríobh síos trí pháosa faisnéise nua a d’fhoghlaim tú sa cheacht seo.

2 – Saol beirt a d’fhoghlaim tú fúthu.

1 – Ceist amháin an duine a tháinig chugaibh le linn an cheachta.

## B. Daoine agus Eachtraí

### 1. Obair Beirte/Grúpa

Cuir na **hEachtraí Stairiúla** sa chéad cholún leis an mbliain (blianta) sa dara cholún.

- |  |                   |
|--|-------------------|
| 1. Tús Chogadh na Saoirse  | a) 1919           |
| 2. Éirí Amach na Cásca   | b) 1922           |
| 3. Thosaigh Cath an Somme i...   | c) 1913           |
| 4. An Frithdhúnadh   | d) 1914           |
| 5. An Fliú Spáinneach  | e) 1918-19        |
| 6. Tús Chogadh na gCarad   | f) 1916           |
| 7. An chéad bhean a toghadh riamh mar Fheisire Parlaimint na Breataine | g) 1916 (Aibreán) |
| 8. Tús an Chéad Chogaidh Dhomhanda                                     | h) 1918 (Nollaig) |

### 2. Cuir na himeachtaí seo ar an líne ama thíos



### 3. Triail Iomlánaithe – Molly Reynolds agus May Noonan

#### Molly Reynolds: Éirí Amach 1916

Thosaigh Éirí Amach 1916 ar Luan \_\_\_\_\_, 24 Aibreán, agus rinneadh an cinneadh géilleadh Dé Sathairn, 29 \_\_\_\_\_. Bhí thart ar 300 bean gníomhach le linn an Éirí Amach. Bhain an tromlach le \_\_\_\_\_ ach bhí roinnt mná ina mbaill d'Arm Cathartha na hÉireann. Bunaíodh Cumann na mBan go hoifigiúil i 1914 agus tháinig Molly isteach ann nuair a bunaíodh é. Eagraíocht ban a bhí ann a bunaíodh chun 'cúis saoirse na hÉireann a chur chun cinn'. Ar Luain Cásca, thairg Molly dul go dtí \_\_\_\_\_, - ceanncheathrú an Éirí Amach. Bhí go leor róil éagsúla á dheanamh ag Cumann na mBan; bhunaigh roinnt baill stáisiún \_\_\_\_\_ chun cúram a thabhairt do lucht créachtaithe. Ba é \_\_\_\_\_ duine díobh siúd a gortaíodh, a chos briste ag urchar. Faoi thráthnóna Dé hAoine bhí aslonnú Ardoifig an Phoist ar siúl. Bhí

treoracha ann chun an \_\_\_\_\_ a thabhairt chuig an ospidéal. In éineacht le roinnt Óglaigh na hÉireann, d'imigh baill Chumann na mBan - leis na daoine créachtaithe - i ngrúpaí. Bhí \_\_\_\_\_ cruthaithe ag na hÓglaigh trí bhallaí foirgneamh ar Shráid Anraí, agus úsáideadh é seo mar bhealach amach as Ardoifig an Phoist. Faoi dheireadh, tugadh na daoine créachtaithe chuig Ospidéal Sráid \_\_\_\_\_. Seachtain tar éis deireadh an \_\_\_\_\_, tugadh Molly go Príosún \_\_\_\_\_ lena cheistiú ach scaoileadh saor í ina dhiaidh sin.

[Jervis, Éirí Amach, lucht créachtaithe, Ardoifig an Phoist, Cumann na mBan, Aibreán, Cásca, Séamus Ó Conghaile, garchabhrach, tollán, Chill Mhaighneann]

### May Noonan: Monarchana Mná agus Ciníocha (1918)

In Éirinn, bunaíodh \_\_\_\_\_ Monarcha Muinisean Náisiúnta le linn an \_\_\_\_\_ Chogaidh Dhomhanda; bhí siad suite i mBaile Átha Cliath, Gaillimh, Corcaigh agus Port Láirge. Chun a chinntiú go raibh fir ar fáil le haghaidh cogaidh, \_\_\_\_\_ na Monarchana Náisiúnta mná den chuid is mó. Tháinig May Noonan chun bheith ina fostaí i Monarcha Sliogáin Náisiúnta ar Sráid \_\_\_\_\_. Bhí an táirgeadh ar siúl \_\_\_\_\_ uair sa lá. Pacáileadh na \_\_\_\_\_ a dhéanadh sa mhonarcha le pléascáin ina dhiaidh sin sular séaladh agus seoladh chun cogaidh iad. I gcomparáid leis an obair a bhí ar fáil do mhná roimh an gcogadh, íocadh go maith iad as gcuid saothair sna \_\_\_\_\_ muinisin agus bhí ceardchumann ann chun ionadaíocht a dhéanamh do \_\_\_\_\_ na n-oibrithe. Ar 11 \_\_\_\_\_ 1918, tháinig deireadh oifigiúil leis an gcogadh agus thosaigh na monarchana muinisin ag dúnadh. Mar thoradh air sin, bhí níos lú \_\_\_\_\_ ar fáil do mhná agus d'fhill go leor acu ar an obair, mar aimsir tí, a bhí a dhéanamh acu roimh an gcogadh. Go ginearálta áfach, d'athraigh ról na mban go mór i saol na tíre le linn an chogaidh, mar \_\_\_\_\_ go leor mná lasmuigh den teach den chéad uair riamh. D'oibrigh siad mar \_\_\_\_\_, oibrithe poist, i gcodanna de na fórsaí armtha, i monarchana \_\_\_\_\_, ar fheirmeacha, agus i dtionscail éagsúla eile. Sa bhliain \_\_\_\_\_, tháinig athrú breise ar ról na mban nuair a leathnaíodh an ceart vótála go mná os cionn 30, a chomhlíon srianta áirithe cosúil le húinéireacht maoin.

[munisean, 24, bhanaltraí, fostaíocht, 1918, d'fhostaigh, d'oibrigh, cúig, Chéad, Geata na Páirce, sliogáin, chearta, Samhain, monarchana]

4. Freagair na ceisteanna thíos faoi shaol duine amháin atá le feiscint ar an Léarscáil Idirghníomhach.

#### Duine ó Stair na Tíre

Oige - Cá háit agus cathain a rugadh iad? Cá raibh siad ina gcónaí? Cén eolas atá agat faoin tráth seo ina saol?

Ait cónaithe – Cén sórt teach ina raibh cónaí orthu?

Slí Bheatha – Cá raibh said ag obair?

Eagraíochtaí - An raibh siad ina mball d'eagraíocht (eagraíochtaí) ar bith?

Comhthéacs Stairiúil - Ciallaíonn sé seo breathnú a dhéanamh ar an scéal iomlán. Cad iad na himeachtaí a bhí ag tarlú in Éirinn agus sa domhan mór ag an am?

Cén tionchar a bhí ag comhthéacs stairiúil na linne ar shaol an duine seo?